Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

12987/18

LIMITE

TRANS 442
MAR 142

PUBLIC

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11958/1/18 REV 1 |
| Ábhar: | **An tIompar ar Uiscebhealaí Intíre – ní hacmhainn go cur chun cinn!**<br>– Dréachtchonclúidí ón gComhairle |

I gceangal leis seo, gheobhaidh na toscaireachtaí toradh an phlé a rinne an Mheitheal um Loingseoireacht ar na dréachtchonclúidí thuasluaite ón gComhairle, dar dáta 9 Deireadh Fómhair 2018.

Tá rún ag an Uachtaránacht na conclúidí sin a thíolacadh lena nglacadh ag cruinniú na Comhairle TTE (Iompar) ar an 3 Nollaig 2018. Déanfar a mbeidh de lúibíní cearnacha fanta sa doiciméad a fhíorú agus a bhaint as ina dhiaidh sin.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT**

**IOMPAR AR UISCEBHEALAÍ INTÍRE – NÍ hACMHAINN GO CUR CHUN CINN!**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI an ról lárnach atá ag na huiscebhealaí intíre i dtaca le cuspóirí bheartas iompair an Aontais a bhaint amach, mar a aithnítear sna hionstraimí móra beartais ar fad, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Páipéar Bán: Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní[1];
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Eorpach don tSoghluaisteacht Ísealastaíochta[2];
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach i ndáil le Comhaontú Pháras[3];
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur chun feidhme agus i ndáil leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) don iompar[4];
- **An tríú dreas pleananna do na comhordaitheoirí Eorpacha ar chonair an Atlantaigh, conair na Mara Bailt agus na Mara Aidriadaí, conair na Mara Thuaidh agus na Mara Bailt, conair na Mara Thuaidh agus na Meánmhara, conair an Oirthir agus na Meánmhara Thoir, conair na Réine agus na nAlp, agus conair na Réine agus na Danóibe;**
- Tuarascáil mheántéarma ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme chlár gníomhaíochta NAIADES II chun an t-iompar ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn;[5] agus
- Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Loingseoireacht Dhigiteach Intíre[6].

---

[1] 8333/11 + ADD 1-3
[2] 11333/16 + ADD 1 + ADD 2
[3] An Chomhairle Eorpach, 22.6.2017
[4] 15053/17
[5] 12350/18
[6] 12342/18

AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar an bplé (**gona chonclúidí)** a rinneadh sna habha-choimisiúin, fóraim idirnáisiúnta, agus laistigh den earnáil féin d'fhonn an t-iompar ar uiscebhealaí intíre a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh:

- Dearbhuithe réigiúnacha na n-airí ag Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip[7], [ag an gCoimisiún Lárnach um Loingseoireacht na Réine[8] agus ag stáit bhruachánacha na Danóibe[9]];
- [Dearbhú ó thionscal na n-uiscebhealaí intíre[10]].

Á CHUR I dTREIS DI gur **ceart** […] go rannchuideodh an t-iompar ar uiscebhealaí intíre – ach sin a bheith indéanta ag luí na talún – **go mór** le córas ilmhódach iompair san Aontas, ach nach bhfuil lánghaisneas á bhaint as faoi láthair. Á MHEABHRÚ DI, ós amhlaidh atá, an acmhainn a bhaineann leis an iompar ar uiscebhealaí intíre chun calafoirt a cheangal leis an abhantrach máguaird agus chun freastal ar lárionaid thionsclaíocha agus ar cheirtleáin uirbeacha, chomh maith le **córais iompair do phaisinéirí uirbeacha.**

AG AITHINT DI an rannchuidiú nár bheag a d'fhéadfadh an t-iompar ar uiscebhealaí intíre a thabhairt chun na drochiarmhairtí a bhíonn ag cúrsaí iompair a laghdú, trí iompar lastais a aistriú de na bóithre ionas gur fearrde an úsáid a bhainfear as fuinneamh agus **gur móide an úsáid a bhainfear as breoslaí malartacha**, de thaca leis na hiarrachtaí atá ar bun na spriocanna atá i gComhaontú Pháras a bhaint amach, **agus** trí astaíochtaí torainn – mar aon le timpistí agus tranglam bóthair – a laghdú, ach gan breis talún a úsáid chuige sin.

Á MHEABHRÚ DI Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gceanglaítear go ndéanfar aibhneacha, canálacha agus lochanna a chothabháil chun stádas maith loingseoireachta a choinneáil, agus an dlí comhshaoil is infheidhme á urramú**.** Á CHUR I dTREIS DI sa chomhthéacs sin go mbeadh fáil ar shaorthoilleadh ar na huiscebhealaí intíre le nach ngabhann ach ísealchostas infreastruchtúir.

---

7 Arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Aireachta maidir leis an Iompar ar Uiscebhealaí Intíre – An Loingseoireacht Intíre sa Chomhthéacs Domhanda (Wroclaw, 18 Aibreán 2018)

8 Arna ghlacadh ag an gcomhdháil a d'eagraigh an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin mar chomóradh 150 bliain ar shíniú Acht Mannheim (Mannheim, 17 Deireadh Fómhair 2018)

9 Arna ghlacadh ag cruinniú Airí na Danóibe (An Bhruiséil, 3 Nollaig 2018)

10 Arna ghlacadh ag EBU, ESO agus PDI ag *Danube Business Talks* (Vín, 10 Deireadh Fómhair 2018)

A MHEABHRÚ DI nuair a glacadh Treoir (AE) 2017/2397[11], Treoir (AE) 2016/1629[12] agus Rialachán (EU) 2016/1628[13], go ndearnadh an creat dlíthiúil a athchóiriú d'fhonn rialacha comhchuibhithe a bhunú, na forálacha a mhodhnú leis an ascnamh teicneolaíoch, tarraingt níos mó a bheith ag daoine óga ar an earnáil, agus soghluaisteacht na bhfostaithe a chur chun cinn.

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atáthar tar éis a dhéanamh ar mhaithe le dea-rialachas Eorpach níos fearr in earnáil na loingseoireachta intíre, go háirithe bunú agus seoladh rathúil an Choiste Eorpaigh chun Caighdeáin Choiteanna in earnáil na Loingseoireachta Intíre (CESNI) a ullmhú, ina bhfuil páirt ghníomhach a himirt ag na stáit sin ar breathnóirí iad, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag abha-choimisiúin, agus ag lucht an tionscail féin.

Á AITHINT DI an dea-thoradh a bhí ar na bearta a glacadh faoi chuimsiú NAIADES II (a mbeidh deireadh ag teacht leis in 2020)**,**

**MEABHRAÍTEAR DI an plé a rinneadh ar na moltaí maidir le cuíchóiriú a dhéanamh ar bhearta chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a bhaint amach**[14] **agus ar athchóiriú na Saoráide um Chónascadh na hEorpa** [15]**.**

---

**11** Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoir 91/672/CEE agus Treoir 96/50/CE.

**12** Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE.

**13** Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE.

**14** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích.

**15** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014.

(1) CUIREANN SÍ I dTREIS go dteastaíonn tuilleadh gníomhaíochta agus tacaíochta chun gur féidir an acmhainn is fearr a bhaint as an iompar ar uiscebhealaí intíre mar chóras iompair atá éifeachtúil, sábháilte, agus inbhuanaithe agus chun gur féidir feidhmíocht chomhshaoil an chabhlaigh a fhorbairt ach na buntáistí iomaíocha a ghabhann leis an iompar ar uiscebhealaí intíre a chaomhnú.

(2) CUIREANN SÍ I bhFÁTH nach mór na cláir leantacha a ghabhann le NAIADES II a sheoladh faoi dheireadh na bliana 2020 ar a dhéanaí chun leanúnachas na mbeart sin a áirithiú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún clár den chineál sin a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit, le habha-choimisiúin, agus le geallsealbhóirí eile dá sórt, faoina dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas:

- cothabháil, athshlánú, agus uasghrádú infreastruchtúir; lena n-áirítear calafoirt;
- straitéis cur chun feidhme um nuachóiriú an chabhlaigh agus forbairt theicneolaíoch, go háirithe i dtaca le feidhmíocht, éifeachtúlacht, agus sábháilteacht chomhshaoil;
- forbairt acmhainní daonna, lena n-áirítear oiliúint agus cáilíochtaí;
- cothrom iomaíochta agus dálaí córa sóisialta a choinneáil ar bun laistigh agus lasmuigh den Aontas;
- straitéis cur chun feidhme um dhigitiú (e.g. an chéad ghlúin eile de Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (RIS), dearbhuithe leictreonacha Aontais, taifeadleabhair sheirbhíse**,** logleabhair **agus** doiciméid leictreonacha iompair);
- bearta chun iomaíochas na hearnála a fheabhsú, agus breathnóireacht an mhargaidh;
- comhtháthú agus idir-inoibritheacht le modhanna iompair eile, **mar aon le taighde agus forbairt i réimse an uathoibrithe**;
- […] **tacú** leis an gcomhoibriú le comhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta **lena n-áirítear comhoibriú le gníomhaíochtaí idir-rialtasacha** i réimse na loingseoireachta intíre.

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur mór an t-éascú a rinne na cláir FP7 Platina agus Platina II tráth a raibh NAIADES agus NAIADES II á gcur chun feidhme, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh den éascú a dhéanamh ar thograí nuálacha comhordúcháin d'fhonn cur chun feidhme an chláir a chosaint.

(4) AITHNÍONN SÍ a raibh de thoradh ar na tograí taighde agus forbartha a rinneadh faoi na cláir FP& agus H2020 araon nuair a bunaíodh coincheapa tiomnaithe chun soithigh na n-uiscebhealaí intíre a ghlasú, agus TUGANN SÍ LE FIOS go bhfuil gá anois le tuilleadh tograí taighde sa réimse sin agus le feidhmiú céimneach agus straitéis maoiniúcháin chun torthaí an taighde sin a chur chun feidhme.

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtacódh clár leantach leis an gcreat reatha dlíthiúil a chur chun feidhme go comhchuibhithe agus le rialacha agus caighdeáin choiteanna a fhorbairt, go háirithe de thaca le tuilleadh den nuachóiriú agus den nuálaíocht. Ós amhlaidh atá, MOLANN SÍ go mbainfí leas – ní hé amháin i réimse na gceanglas teicniúil a leagtar ar shoithí na n-uiscebhealaí intíre agus cáilíochtaí gairmiúla ach i réimse fhaisnéis na teicneolaíochta, lena n-áirítear RIS agus réimsí eile amhail tiomsú faisnéise faoi thimpistí ar uiscebhealaí intíre na hEorpa – leas as an saineolas agus taithí atá ag CESNI d'fhonn na rialacha agus caighdeáin a fheabhsú nuair is gá.

(6) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go n-áiritheofaí go mbeadh fáil ar acmhainní iomchuí airgid, amhail deontais, chun an clár gníomhaíochta NAIADES II reatha, agus an clár leantach a ghabhfaidh leis, a chur chun feidhme gan dochar don chaibidlíocht atá fós ar bun maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.